Rewarding Learning

| Uimhir Lárionaid | |
|---|---|
| 71 | |

Uimhir Iarrthóra

General Certificate of Secondary Education

2010

# Staidéir Ghnó

## Páipéar 1
## Bonnsraith

**[G1201]**

G1201

**DÉ LUAIN 7 MEITHEAMH, MAIDIN**

**AM**

1 uair 30 nóiméad.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa scrúdpháipéar seo.
Ba chóir go mbeadh go leor spáis ann do do fhreagraí. Má tá a thuilleadh spáis de dhíth ort, tá cead agat na freagraí a chríochnú ar na leathanaigh línithe bhreise ag cúl an leabhráin seo.
Freagair **gach ceann** de na **3** cheist.
Tá cás-staidéar ag dul leis an pháipéar seo. **Níl** cead agat do chóip anótáilte féin den chás-staidéar a úsáid.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 79 an marc iomlán don pháipéar seo, le 4 mharc ar a mhéad san áireamh ag dul do chaighdeán na cumarsáide scríofa.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.

| Don Scrúdaitheoir amháin | |
|---|---|
| Uimhir Ceiste | Marcanna |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| CCS | |
| Marc Iomlán | |

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

1 **(a)** Sainmhínigh na téarmaí seo a leanas:

**(i)** Comhpháirtíocht

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

**(ii)** Caipiteal tionscnaimh

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

**(iii)** Taighde allamuigh

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

**(iv)** Postroinnt

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

**(b)** Scrios amach an freagra **mícheart** agus fág an freagra ceart.

**(i)** Tá Spraoi agus Spórt Teo san earnáil **phríobháideach/phoiblí** .

**(ii)** Tá struchtúr bainistíochta **ard/comhréidh** ag Spraoi agus Spórt Teo.

**(iii)** Tá dliteanas **teoranta/neamhtheoranta** ag na sciarshealbhóirí in Spraoi agus Spórt Teo. [3]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(c)** Taispeáin an dóigh a n-úsáideann Spraoi agus Spórt Teo **dhá** thoisc táirgeachta ar bith.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [4]

Déan tagairt don chairt eagraíochta ar Leathanach 3 den Chás-staidéar.

**(d)** **(i)** Cad é an réise rialúcháin don Stiúrthóir Airgeadais?

______________________________________________ [1]

**(ii)** Luaigh agus mínigh **dhá** fhreagracht a bheadh ar an Stiúrthóir Airgeadais.

1. ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

2. ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [4]

**(e)** **(i)** Is trí agallamh a dhéanann Spraoi agus Spórt Teo breithmheas. Luaigh dóigh **amháin** eile le breithmheas a dhéanamh.

______________________________________________________ [1]

**(ii)** Mínigh **dhá** fháth a rachadh breithmheas chun tairbhe do na **fostaithe** in Spraoi agus Spórt Teo.

1. ______________________________________________________

______________________________________________________

______________________________________________________

______________________________________________________ [2]

2. ______________________________________________________

______________________________________________________

______________________________________________________

______________________________________________________ [2]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**2** **(a)** Luaigh an modh earcaíochta is fóirsteanaí a d'fhéadfaí a úsáid don Bhainisteoir Siopa. Luaigh fáth **amháin** le tacú le do fhreagra.

[3]

**(b)** Scríobh cuntas gearr ar **dhá** dhóigh a chinnteodh Spraoi agus Spórt Teo go mbeadh cothroime ann agus an Bainisteoir Siopa nua á roghnú.

1.

[2]

2.

[2]

Scrúdaitheoir Amháin

| Marcanna | Athmharc |
| --- | --- |
| | |

**(c)** **(i)** Déan tagairt don tsreabhléaráid ar earcaíocht agus roghnúchán ar Leathanach 4 den Chás-staidéar.
Cad é an phríomhfheidhm atá le sonraí poist?

____________________

____________________

____________________

____________________ [2]

**(ii)** Luaigh **dhá** rud a chuirfí i sonraí poist.

1. ____________________

2. ____________________ [2]

**(d)** Luaigh **dhá** fháth ar mhaith leis na **fostaithe** in Spraoi agus Spórt Teo traenáil a fháil.

1. ____________________

____________________

____________________

____________________ [2]

2. ____________________

____________________

____________________

____________________ [2]

**(e) (i)** Sainaithin ón chás-staidéar modh neamhairgeadais **amháin** atá i bhfeidhm in Spraoi agus Spórt Teo leis na fostaithe a spreagadh.

______________________________________________ [1]

**(ii)** Tá Spraoi agus Spórt Teo ag smaoineamh ar choimisiún a íoc ar dhíolacháin mar mhodh eile le fostaithe a spreagadh. Luaigh buntáiste **amháin** agus míbhuntáiste **amháin** don **fhostóir** a bhaineann leis an mhodh seo.

Buntáiste ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

Míbhuntáiste ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [4]

**(f) (i)** Cá huair ba cheart don Bhainisteoir Siopa nua Conradh Fostaíochta a fháil?

______________________________________________ [1]

**(ii)** Liostaigh **ceithre** rud ba cheart a bheith sa Chonradh Fostaíochta.

1. ______________________________________________
2. ______________________________________________
3. ______________________________________________
4. ______________________________________________ [4]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**3** **(a)** **(i)** Úsáid fianaise ón Chás-staidéar lena thaispeáint cad é mar a d’fhás an gnólacht go horgánach.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

**(ii)** Liostaigh **dhá** rud a chuirfeadh teorainn le fás an ghnólachta seo.

1. ______________________________________________ [1]

2. ______________________________________________ [1]

**(iii)** Déan tagairt do Leathanach 8 sa Chás-staidéar.
Sainaithin an cineál comhcheangail atá á bheartú agus mínigh buntáiste **amháin** do Spraoi agus Spórt Teo.

Cineál ______________________________________________

Buntáiste ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [3]

**(b)** Má chuirtear an cumasc i gcrích, beidh ar Spraoi agus Spórt Teo Plean Gnó a scríobh. Pléigh **dhá** roinn ba cheart a chur sa phlean.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [4]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(c)** **(i)** Déan tagairt don fhógra ar Leathanach 7 den Chás-staidéar. Sainaithin agus mínigh teicníc **amháin** atá in úsáid ag Spraoi agus Spórt Teo le díolacháin a chur chun cinn.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [3]

**(ii)** Ainmnigh agus mínigh modh fóirsteanach eile a d'fhéadfadh Spraoi agus Spórt Teo a úsáid le díolacháin a chur chun cinn.

Modh ______________________________________________

Míniú ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [3]

**(d)** Is í sampláil randamach an modh atá in-úsáid ag Spraoi agus Spórt Teo le faisnéis a bhailiú. Cad chuige?

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

**(e) (i)** Déan tagairt do thorthaí an cheistneora ar Leathanach 6, Cairt 1 agus Cairt 2, sa Chás-staidéar. Mínigh cad é a chuireann na torthaí in iúl duit faoi Spraoi agus Spórt Teo.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

____________________________________________ [2]

**(ii)** Déan tagairt do Chairt 3 ar Leathanach 6 den Chás-staidéar. Pléigh an dóigh a n-úsáidfeadh Spraoi agus Spórt Teo an fhaisnéis a chuireann na torthaí seo ar fáil.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

____________________________________________ [4]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |

| Caighdeán na cumarsáide scríofa |
|---|
| |

## Leathanach breise má tá sé de dhíth

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

## Leathanach breise má tá sé de dhíth

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR**

Rewarding Learning

General Certificate of Secondary Education

2010

# Staidéir Ghnó

Cás-staidéar
le húsáid le
Páipéar 1

Bonnsraith agus Ardsraith

**[G1201] [G1203]**

G1201G1203

**DÉ LUAIN 7 MEITHEAMH, MAIDIN**

Caithfidh tú an chóip ghlan **seo** den Chás-staidéar a úsáid sa scrúdú agus ní do chóip anótáilte féin.

# Spraoi agus Spórt Teo

## Ráiteas misin:

‘An páiste i ngach duine a nochtadh’



Bunaíodh “Spraoi agus Spórt” in 1979 mar chomhpháirtíocht idir an tUasal Mac Beinéid agus a pháirtí an tUasal Ó Duibh. Nuair an bhunaigh siad an gnólacht, chuir siad beirt an caipiteal tionscnaimh ceánna isteach ann agus fuair siad beirt an méid céanna den bhrabús. Dhréachtaigh siad Gníomhas Comhpháirtíochta le bunú an ghnólachta a dhéanamh foirmeálta.

Bhí clú ar an ghnólacht ní amháin mar gheall ar an raon leathan bréagán agus oiriúintí a chuir sé ar fáil, ach ar an ábhar go ndearna sé sainfheidhmiú ar fheistis agus ar bhréigéide. Tháinig mearfhás ar na díolacháin le linn na chéad chúig bliana. Faoi 1989, bhí sé ina chomhlacht príobháideach teoranta agus is ansin a tugadh Spraoi agus Spórt Teo air. Faoi 2000, bhí trí bhrainse eile oscailte aige ar fud Thuaisceart Éireann.

**Sliocht as Meabhrán/Airteagail Chomhlachais:**

**Meabhrán/Airteagail Chomhlachais**

Spraoi agus Spórt
15 Bóthar na Féile
Cnoc na Slodán
Tuaisceart Éireann

**Aidhm:** Bréagáin agus feistis do pháistí de gach aois a dhíol agus a dháileadh


**Luach caipitiúil:** £50 000

**Foráil dliteanais:** Tá dliteanas teoranta ag sciarshealbhóirí an chomhlachta seo

**Foráil chomhlachais:** Is mian leis an Uasal Mac Beinéid agus leis an Uasal Ó Duibh Spraoi agus Spórt a bhunú mar chomhlacht príobháideach teoranta

Fostaíonn Spraoi agus Spórt Teo corradh is 60 duine faoi láthair agus tá struchtúr céimlathach i bhfeidhm ann. Is iad an tUasal Mac Beinéid agus an tUasal Ó Duibh an t-aon bheirt sciarshealbhóirí. Tá Bainisteoir Siopa i ngach siopa (ceithre cinn san iomlán) a thuairiscíonn go díreach chuig na húinéirí. Bíonn Cruinniú Boird acu gach mí agus déanann siad cumarsáid le ríomhphost ar bhonn laethúil. Bíonn ar gach bainisteoir tuarascáil mhíosúil scríofa a ullmhú ar ghníomhaíochtaí.

**Cairt Eagraíochta do Spraoi agus Spórt Teo**




Tá an chuid is mó de na hoibrithe fostaithe go lánaimseartha ach tá cuid acu fostaithe go páirtaimseartha agus tá na húinéirí i ndiaidh deiseanna postroinnte a thairgeadh do na fostaithe sin ar mian leo iad a thapú. Tá bród orthu as tuarastal maith a chur ar fáil dá n-oibrithe agus tá siad i ndiaidh an ceaintín foirne a athmhaisiú agus meaisíní díola a chur isteach don fhoireann. Tá gach ball foirne i dteideal lascaine 10% ar na hearraí sin nach bhfuil ar reic. Faigheann an fhoireann uile bónas Nollag.

Déantar breithmheas ar bhonn bliantúil. Is é atá i gceist leis, agallamh ina mbíonn deis ag fostaithe a ndearcaí agus a dtuairimí a chur in iúl.

Tá duine dá mbainisteoirí ag aistriú chun na hAstráile faoi láthair agus caithfidh Spraoi agus Spórt bainisteoir nua a earcú. Chinn an comhlacht ar phostanailís a dhéanamh roimh na sonraí poist, an tsonraíocht faoin phearsa agus an fógra poist a dhréachtú.

Sreabhléaráid a léiríonn an próiseas earcaíochta agus roghnúcháin ag Spraoi agus Spórt Teo.

**Postanailís**

↓

**Sonraí Poist agus Sonraíocht Faoin Phearsa**

↓

**Roghnaigh** **MODH EARCAÍOCHTA**

| |
|---|
| Postionad<br>**nó**<br>Gníomhaireacht Earcaíochta Phríobhaideach<br>**nó**<br>Na Meáin |

↓

**Fógra Poist**

↓

**Roghnaigh** **MODH ROGHNÚCHÁIN**

| |
|---|
| Foirm Iarratais<br>**nó**<br>Litir Iarratais agus Curriculum Vitae (CV)<br>↓<br>Iarratais a fháil agus gearrliostú a dhéanamh<br><br>Trialacha Roghnúcháin<br><br>Agallamh |

↓

**An t-iarratasóir is oiriúnaí a roghnú**

↓

**An post a thairgeadh**

↓

CONRADH FOSTAÍOCHTA

**Margaíocht**

Úsáideann Spraoi agus Spórt Teo fógraí nuachtáin agus raidió lena chuid táirgí a fhógairt agus tá suíomh gréasáin á fhorbairt aige faoi láthair. Tá súil ag an lucht bainistíochta go dtiocfaidh méadú ar líon na ndíolachán mar gheall air seo óir tá sé ar intinn acu seirbhís ordaithe ar líne a bhunú.

Déanann Spraoi agus Spórt taighde allamuigh ar bhonn bliantúil. Tá bród air as a bheith ag cinntiú go bhfreastalaíonn a chuid táirgí ar riachtanais na gcustaiméirí. Úsáideann sé ceistneoirí leis an eolas atá de dhíth air a bhailiú agus déantar custaiméirí a stopadh go randamach agus iarrtar orthu na ceisteanna a fhreagairt.

**Ceisteanna samplacha as ceistneoir a rinneadh le déanaí:**

4. Cé chomh minic is a thugann tú cuairt ar Spraoi agus Spórt Teo?
   - Uair sa tseachtain ❑
   - Uair sa choicís ❑
   - Uair sa mhí ❑
   - Uair amháin gach cúpla mí ❑
   - Eile (tabhair sonraí) ______________

5. Cad é an phríomhchúis a dtugann tú cuairt orainn?
   - Le hamharc ar na táirgí ❑
   - Le bréagáin a cheannach ❑
   - Le bréigéide a cheannach ❑
   - Clú ❑
   - Eile (tabhair sonraí) ______________

6. Cad iad na táirgí is minice a cheannaíonn tú?
   - Bréagáin oideachasúla ❑
   - Bréagáin réamhscoile ❑
   - Bréagáin ghníomhaíochta ❑
   - Bréagáin leictreacha ❑
   - Ríomhairí ❑
   - Bréigéide ❑


7. An bhfaca/ar chuala tú ár bhfógraí?
   - Chonaic/chuala ❑
   - Ní fhaca/Níor chuala ❑

8. Cén grád a thabharfá dóibh seo a leanas: (5 ar fheabhas, 1 go dona)
   - Éagsúlacht táirgí ❑
   - Suíomh ❑
   - Foireann ❑
   - Praghsanna ❑

9. An mbeifeá sásta muid a mholadh do chara leat?
   - Bheinn ❑
   - Ní bheinn ❑


**Torthaí samplacha ar an cheistneoir:**

**Ceist 8**





**Cairt 1**

**Ceist 8**




**Cairt 2**

**Ceist 6**
**Cad iad na táirgí is minice a cheannaíonn tú?**




**Cairt 3**

**Táirgí**

Tá an raon táirgí ollmhór, agus tá bréagáin ann a bheadh oiriúnach do gach aoisraon. Úsáideann an comhlacht raon teicnící maidir le tionscnamh díolacháin agus déanann sé fógraíocht rialta le líon na ndíolachán a mhéadú. Úsáidtear straitéisí praghsála éagsúla chomh maith. Tá raon ollmhór bréigéide sna siopaí agus fostaíonn siad oibrithe ócáideacha anois agus arís leis na feistis a chaitheamh – bíonn laethanta téama ann le linn na bliana.

**Fógra Nuachtáin**

**Línte táirgí nua ar fáil**

# Spraoi agus Spórt Teo

Nochtaigh an páiste ionat féin – tabhair cuairt ar cheann dár siopaí ar fud Thuaisceart Éireann

**Bréagáin do pháistí de gach aois:**

Bréagáin réamhscoile, oideachasúla, ghníomhaíochta, leictreacha, adhmaid *agus cuid mhór eile......*



**Speisialtóirí bréigéide:**
Sárlaochra,
carachtair chartúin,
carachtair ón stair srl.

**Uaireanta oscailte:**

| | |
|---|---|
| An Luan go dtí an Chéadaoin | 9.00am go dtí 6.00pm |
| An Déardaoin go dtí an Satharn | 9.00am go dtí 9.00pm |
| An Domhnach | 1.00pm go dtí 6.00pm |

**Méideanna daoine fásta agus páistí araon ar fáil –**
raon ollmhór

**CEANNAIGH ceann amháin FAIGH ceann eile saor in aisce (earraí roghnaithe)**

**Ordú ar líne ar fáil gan mhoill**

**Pleananna don am atá le teacht:**

Tá an tUasal Mac Beinéid agus an tUasal Ó Duibh sásta leis an dóigh a bhfuil ag éirí lena ngnólacht agus leis an fhás orgánach a tháinig air. Tá siad anois ag machnamh ar rogha maidir le siopa bréagán eile a cheannach, a bhfuil dhá bhrainse aige i mBaile Átha Cliath, agus tá a roghanna airgeadais á meas acu faoi láthair.

